


Gníomhaíocht Daltaí: Fráma pictiúir a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Fráma pictiúir dronuilleogach', ar CD an Dalta.



1) Is le Gearóid an pictiúr cearnógach sa bhfráma thuas agus tá gach imeall seachtrach cothrom le 12 cm.

a. Cén t-achar de dhromchla balla a chlúdaíonn an pictiúr frámáilte?

b. Má tá fráma an phictiúir 1 cm ar leithead an bealach ar fad timpeall,

i. Céard é fad agus leithead an phictiúir féin sa bhfráma?

ii. Céard é achar an phictiúir féin?

c. Céard é achar an fhráma dhuibh timpeall an phictiúir?

d. Dá mba fráma 2 cm ar leithead an bealach ar fad timpeall a bhí i gceist, cén méid de dhromchla balla a bheadh á chlúdach ag an bpictiúr?

e. Cén dromchla balla a chlúdófaí dá gcuirfí 15 cm le gach slios den phictiúr féin, agus leithead an fhráma a fhágáil ag 1 cm?

2) Comhlánaigh an tábla thíos:

Fad sleasa i gcás fráma cearnógach	Leithead an fhráma	Fad sleasa i gcás pictiúr cearnógach sa bhfráma	Achar an phictiúir féin sa bhfráma
10	1		
10	2		
10	3		
10	4		

a) Cén fáth nach féidir pictiúr cearnógach a fhrámáil i bhfráma a bhfuil gach slios de 10 cm ar fad, agus 5 cm ar leithead?

b) Má tá slios amháin de fhráma cearnógach cothrom le x agus má tá leithead an fhráma timpeall ar an bpictiúr cothrom le y , céard é achar an phictiúir?

3) Cén t-achar balla a chlúdófaí le pictiúr 30 cm ar fad agus 20 cm ar leithead, dá mbeadh sé i bhfráma a bhí 5 cm ar leithead an bealach ar fad timpeall?

4) Tá gairdín cearnógach a bhfuil achar 144m^2 ann ag garraíodóir. Socraíonn sé cosán 1m ar leithead a leagan thart ar imeall an ghairdín agus an chuid eile a fhágáil ina plásóg féir. Faigh achar na plásóige.

5) Chinn óstán linn snámha a thógáil i gceann de na seomraí. Tá an seomra 28m ar fad agus 25m ar leithead. Caithfear colbha 2m ar leithead a fhágáil ar gach aon taobh den linn snámha.

a) Cén t-achar a bheadh sa linn snámha is mó is féidir a thógáil?

b) Faigh achar an cholbha agus costas an cholbha: €50 sa m^2 a chosnaíonn sé.

c) Céard é imeall na linne snámha?

6) Seomra atá 4m ar leithead, 5m ar fad agus 3m ar airde. Chinn an t-úinéir ábhar inslitheach 10 cm ar tiús a chur le gach balla.

a) Cén t-achar urláir a bheidh sa seomra nuair a bheidh an obair sin déanta?

b) Cén méid den achar urláir a chaillfidh sé?

c) Céard é achar gach balla agus an t-insliú déanta?

d) Céard í toirt an tseomra agus an t-insliú déanta?

e) Cén méid spáis (cén toirt) a bheidh cailte ag an úinéir?

7) Tá ceapach glasraí 5m ar fad agus 6m ar leithead ag feirmeoir i gceann dá pháirceanna. Cinneann sé 1m a chur le fad agus leithead na ceapaí. Cén t-achar a bheidh sa cheapach glasraí ansin, agus cén céatadán de mhéadú a bheidh déanta aige ar achar na ceapaí?
